Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2007**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 3

*ag measúnú*

## Modúl 3

**[ASH31]**

**DÉ MÁIRT 23 EANÁIR, IARNÓIN**

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá leis seo.
Freagair ceist **amháin** ar an rogha a rinne tú.
**Caithfidh tú codanna (i) agus (ii)** de do cheist roghnaithe a fhreagairt.
Léirigh go soiléir ar do leabhrán freagraí cad é an rogha a rinne tú.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 30 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.
Tá an marc céanna ag dul do gach ceist .i. 30 marc do gach ceist.

Freagair ceist **amháin** as do rogha.

**Caithfidh tú codanna (i) agus (ii)** de do rogha a fhreagairt.

## Rogha 5 ATHRÚ RÉABHLÓIDEACH SA RÚIS 1917–1941

LENIN AGUS RÉABHLÓID 1917–1924

**Ceachtar acu**

**1** **(i)** Cad iad na dóigheanna a raibh Tsar Nicholas II freagrach as a bhriseadh féin i mí na Feabhra 1917? [8]

**(ii)** "Rath na mBoilséiveach i gCogadh Cathartha na Rúise sa tréimhse 1918–1921, ba é an cheannaireacht acu ba chúis leis." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo? [22]

**Nó**

**2** **(i)** Cad iad na príomhluachanna cultúrtha a bhí ann agus Lenin i réim sa Rúis? [8]

**(ii)** "Idir 1918 agus 1924 ní raibh comhsheasmhacht ag baint le polasaithe eacnamaíocha Lenin." Cén fhírinne atá sa tuairim seo? [22]

STALIN AGUS RÉABHLÓID 1924–1941

**Nó**

**3** **(i)** Cad iad na fadhbanna eacnamaíocha a bhí ag an Rúis sa tréimhse 1924–1928? [8]

**(ii)** "An smacht a bhí ag Stalin ar an pháirtí, ba é seo ba chúis lena bhua sa choimhlint chumhachta idir 1922 agus 1928." Cén fhírinne atá sa ráiteas seo? [22]

**Nó**

**4** **(i)** Cad iad na dóigheanna ar chruthaigh Stalin cultas pearsantachta sa tréimhse seo? [8]

**(ii)** "Agus smacht á choinneáil ag Stalin ar Aontas na Sóivéide sa tréimhse 1929–1941, ba é sceimhle an modh ba thábhachtaí a bhí aige." Cén fhírinne atá sa tuairim seo? [22]